Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16933/25**

**ELARG 172**
**COWEB 179**
**COEST 910**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Méadú |

Tugann an Uachtaránacht dá haire gur thacaigh 26 thoscaireacht leis an téacs atá beartaithe aici do na dréachtchonclúidí ón gComhairle le linn phlé na Comhairle maidir leis an mír sin.

Mar sin féin, ós rud go raibh toscaireacht amháin nár thacaigh leis an téacs, cinneann an Uachtaránacht, in éagmais comhthola, an téacs atá i gceangal leis seo a eisiúint mar chonclúidí ón Uachtaránacht.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE MÉADÚ

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an tábhacht gheostraitéiseach a bhaineann leis an méadú mar rud a chuireann go mór le síocháin, slándáil, cobhsaíocht agus rathúnas na hEorpa san aonú haois is fiche. Ní mór próiseas méadaithe atá éifeachtúil, bunaithe ar fhiúntas agus inchreidte a choinneáil ar bun, agus é bunaithe ar chritéir Chóbanhávan, ar phrionsabail sheanbhunaithe agus ar mhodheolaíocht.

2. Tathantaíonn an Chomhairle ar na comhpháirtithe uile an deis a thapú, leas a bhaint as an móiminteam atá ann faoi láthair agus gach beart is gá a dhéanamh chun dlús a chur lena ndul chun cinn ar chonair an Aontais. I gcomhthéacs geopholaitiúil atá ag éirí níos míshocra, agus cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin á throid ar an mór-roinn seo againne, tá an tAontas Eorpach fós ina ancaire síochána, rathúnais agus slándála. Tá urraim don dlí idirnáisiúnta, réiteach síochánta coinbhleachtaí, athmhuintearas agus comhar réigiúnach ar na prionsabail is tábhachtaí a bhfuil an tAontas tiomanta dóibh.

3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go leanfar de mheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na gcomhpháirtithe uile ar mian leo a bheith páirteach ann agus sin bunaithe ar choinníollacht chothrom dhocht agus ar a dtuillteanais féin: bunchloch den chaibidlíocht aontachais, agus an smacht reachta, an daonlathas agus cearta bunúsacha ina chroílár. Ní mór dóibh luachanna an Aontais Eorpaigh mar a leagtar amach sna Conarthaí iad a urramú agus a chur chun cinn. Le ballraíocht san Aontas, glactar leis go mbeifear in ann na hoibleagáidí uile a bhaineann le ballraíocht a ghlacadh go hiomlán. Is é an dul chun cinn maidir leis na bunphrionsabail an príomh-thagarmharc i gcónaí chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo ballraíocht san Aontas. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar aon easnaimh arna dtuairisciú ag an gCoimisiún.

4. Gné thábhachtach i leas ginearálta an Aontais agus na dtíortha is iarrthóirí araon is ea cumas an Aontais comhaltaí nua a ghlacadh, gan baint dá chumas feidhmiú go héifeachtach agus forbairt a dhéanamh. Agus ionchas ann go dtiocfaidh méadú ar an Aontas amach anseo, ní mór don Aontas agus do na Ballstáit a bheidh ann amach anseo a bheith faoi réir. I gcomhthráth le dlús a chur lena n-iarrachtaí athchóirithe, ní mór don Aontas an réamhobair inmheánach agus na hathchóirithe riachtanacha a leagan síos, mar a leagtar amach i nDearbhú Granada agus sna conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2024. Fágfaidh sé sin go mbeidh an tAontas níos láidre agus go bhfeabhsófar ceannasacht na hEorpa. Coinneoidh an Chomhairle an t-ábhar seo faoi bhreithniú agus leanfaidh sí ar aghaidh leis an obair i gcomhréir leis na nósanna imeachta comhaontaithe.

5. Tá ailíniú iomlán le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) an Aontais fós ina phríomhghné de phróiseas lánpháirtithe an Aontais, agus is léiriú láidir é ar rogha straitéiseach an chomhpháirtí. Tá an Chomhairle ag súil go ndéanfaidh na comhpháirtithe uile ailíniú iomlán le CBES an Aontais, lena n-áirítear le bearta sriantacha. Is díol sásaimh don Chomhairle rannchuidiú leanúnach na gcomhpháirtithe le misin agus oibríochtaí Chomhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) an Aontais.

6. Maidir leis na Balcáin Thiar, is gnéithe bunriachtanacha de phróiseas an mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais i gcónaí iad an dea-chaidreamh comharsanachta agus an comhar réigiúnach. Molann an Chomhairle go láidir do na comhpháirtithe a ndíospóidí déthaobhacha agus na saincheisteanna atá fréamhaithe san am atá caite a réiteach, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus leis na prionsabail sheanbhunaithe, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Saincheisteanna Comharbais.

7. Is tosaíocht i gcónaí é comhpháirtithe a thabhairt níos gaire don Aontas roimh an aontachas. Iarrann an Chomhairle ar na tíortha is iarrthóirí an leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna atá ann cheana agus iarrann sí ar an gCoimisiún tuilleadh tograí a dhéanamh maidir le lánpháirtiú de réir a chéile.

8. Tá sé fós ríthábhachtach go ndéanfadh na comhpháirtithe uile agus an tAontas cumarsáid straitéiseach éifeachtach maidir leis an méadú agus na tairbhí a bhaineann leis.

9. Tugann an Chomhairle dá haire go cuí an Teachtaireacht agus na tuarascálacha ón gCoimisiún an 4 Samhain 2025, agus is díol sásaimh di an méid seo a leanas go háirithe:

- an urfhuascailt shuntasach agus an dul chun cinn atá déanta ag roinnt iarrthóirí in 2025 in ainneoin na ndúshlán suntasach a d’eascair as cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus as a gníomhaíochtaí hibrideacha leanúnacha. Agus an dul chun cinn á mholadh aici, tá an Chomhairle ag tnúth le céimeanna breise a thabhairt chun na próisis aontachais faoi seach a chur chun cinn a luaithe a chomhlíonfar na critéir agus a cheadóidh na coinníollacha iad.

- go bhfuil dul chun cinn breise déanta ag Montainéagró ina chaibidlíocht aontachais agus go bhfuil 12 chaibidil chaibidlíochta dúnta go sealadach anois. Tá an Chomhairle ag súil le tuilleadh caibidlí a dhúnadh go sealadach chomh luath agus is féidir, ach na coinníollacha a bheith comhlíonta. Ar bhonn an dul chun cinn fhoriomláin atá bainte amach ag Montainéagró, cinneann an Chomhairle go mbunófar an Mheitheal *ad hoc* um an gConradh Aontachais le Montainéagró a Dhréachtú. I ndáil leis an méid sin agus mar ábhar tosaíochta, tá an Chomhairle ag tnúth leis an obair ullmhúcháin is gá chun oibriú éifeachtach na Meithle *ad hoc* a áirithiú nuair a bhunófar í, lena n-áirítear maidir le príomhphrionsabail na gconarthaí aontachais a bheidh ann amach anseo a shoiléiriú.

- go bhfuil gach ceann de na 6 chnuasach caibidlíochta oscailte ag an Albáin anois agus go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh aici ina caibidlíocht aontachais.

- go bhfuil an próiseas scagtha curtha i gcrích go rathúil agus go tráthúil ag an Úcráin agus ag Poblacht na Moldóive (dá ngairtear an Mholdóiv anseo feasta) agus tugann sí dá haire go cuí measúnú an Choimisiúin go bhfuil gach ceann de na sé chnuasach réidh le hoscailt. Tá an Chomhairle ag tnúth le cnuasaigh a oscailt leis an dá iarrthóir, ag tosú le cnuasach na mbunphrionsabal gan mhoill agus na cnuasaigh eile ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an modheolaíocht agus leis an gcreat caibidlíochta. Tá obair á déanamh ag an gComhairle d’fhonn na chéad chéimeanna eile a ullmhú.

- na hathchóirithe a bhaineann leis an Aontas atá déanta ag na comhpháirtithe, lenar cumasaíodh tacaíocht airgeadais bhreise nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo a eisíoc tríd an tSaoráid don Úcráin agus trí na Pleananna Fáis do na Balcáin Thiar agus don Mholdóiv.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle na tairbhí nithiúla nua a bhaineann le lánpháirtiú de réir a chéile, agus sláine mhargadh inmheánach an Aontais agus cothroime iomaíochta á gcaomhnú go hiomlán ag an am céanna. Tá sí ag tnúth, go háirithe, leis an méid seo a leanas:

- cuimsiú na hÚcráine agus na Moldóive sa limistéar 'Fánaíocht ar Tháillí Baile' ón 1 Eanáir 2026, rud a chuirfidh ar chumas a saoránach glaonna a dhéanamh chuig an Aontas Eorpach agus chuig an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, glaonna a dhéanamh uathu sin agus laistigh díobh agus sonraí móibíleacha a úsáid gan táillí breise.

- an sprioc chéanna á baint amach ag comhpháirtithe na mBalcán Thiar in 2026. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún dlús a chur leis an obair chun na críche sin.

- laghdú suntasach na gcostas a bhaineann le hidirbhearta bainc in euro do shaoránaigh agus do ghnólachtaí araon, mar thoradh ar Mhontainéagró, an tSeirbia, an Albáin, an Mhacadóin Thuaidh agus an Mholdóiv a bheith ag dul isteach sa Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA), agus é beartaithe go dtiocfaidh comhpháirtithe eile isteach ann go luath.

11. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí do chonair shoiléir intuartha a chur ar fáil d'iarrthóirí i dtreo ballraíocht san Aontas, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chuíchóiriú faoi chuimsiú na modheolaíochta bunaithe. I ndáil leis an méid sin, cuireann sí i dtreis an luach a bhaineann le comhdhálacha polaitiúla idir-rialtasacha a eagrú.

**IARSCRÍBHINN**

Tugann an Chomhairle dá haire go cuí an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Samhain 2025 maidir le Beartas an Aontais um Méadú, ina bhfuil tuarascálacha maidir le Montainéagró, an Albáin, an Úcráin, Poblacht na Moldóive (dá ngairtear an Mholdóiv anseo feasta), an tSeirbia, an Mhacadóin Thuaidh, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin*, an Chosaiv, an Tuirc agus an tSeoirsia.

**MONTAINÉAGRÓ**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn suntasach atá déanta ag Montainéagró maidir lena chonair athchóirithe chuig an Aontas agus molann sí an rialtas as a dhiongbháilte atá sé na hathchóirithe a chur chun feidhme. Tugann sí dá haire an dul chun cinn foriomlán a rinneadh sa chaibidlíocht aontachais go dtí seo, agus gach ceann de na 33 chaibidil a ndearnadh scagadh orthu oscailte, agus 12 chaibidil dúnta go sealadach go nuige seo. Molann an Chomhairle don rialtas a phlean uaillmhianach chun an chaibidlíocht aontachais a thabhairt chun críche go rathúil. Molann an Chomhairle do na fórsaí polaitiúla uile a gcomhdhearcadh leathan polaitiúil a choinneáil agus dlús a chur lena n-iarrachtaí agus oibriú le chéile chun a áirithiú go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí leis an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh ag Montainéagró ar a chonair i dtreo an Aontais agus tá sí ag tnúth le tuilleadh caibidlí a dhúnadh go sealadach nuair a chomhlíonfar na coinníollacha.

2. Molann an Chomhairle do Mhontainéagró cur chun feidhme na **dtagarmharcanna deiridh** a chur chun cinn a thuilleadh, go háirithe i gcás chaibidlí 23 agus 24 maidir leis an smacht reachta.

---

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

3. Ní mór do Mhontainéagró leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh ar a chonair athchóirithe, go háirithe maidir leis na breithiúna, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse na meán, an comhrac i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe, agus an riarachán poiblí. Tá an tAontas ag súil go gcuirfidh Montainéagró lena acmhainneacht riaracháin go ginearálta. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil líon na gciontuithe deiridh i gcásanna éillithe ardleibhéil fós íseal agus cuireann sí i bhfios go láidir gur gá do Mhontainéagró feabhas a chur ar a chuntas teiste maidir le himscrúduithe agus ionchúisimh i gcásanna éillithe ardleibhéil agus coireachta eagraithe, lena n-áiritheofar ciontuithe deiridh, pionóis athchomhairleacha, urghabhálacha agus coigistiú sócmhainní. Iarrann an Chomhairle ar Mhontainéagró a reachtaíocht toghcháin a ailíniú a thuilleadh le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha, is é sin maidir le heintitis pholaitiúla agus feachtais toghcháin a mhaoiniú.

4. Molann an Chomhairle do Mhontainéagró freisin feidhmiú leanúnach na bpríomhchomhlachtaí breithiúnacha a áirithiú agus dlús a chur le cur chun feidhme na bpríomh-**athchóirithe breithiúnacha** agus iad a dhoimhniú, chun a áirithiú go ndéanfar neamhspleáchas, gairmiúlacht agus cuntasacht na mbreithiúna a neartú a thuilleadh. Ní mór do Mhontainéagró na ceapacháin do phoist fholmha atá ar feitheamh a thabhairt i gcrích go pras trí phróiseas comhairliúcháin trédhearcach cuimsitheach, chomh maith le nósanna imeachta bunaithe ar fhiúntas.

5. Aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn maith atá déanta maidir le bainistiú tearmainn agus **imirce**, agus athdhearbhaíonn sí ag an am céanna gur gá ailíniú tapa iomlán a dhéanamh le beartas víosaí an Aontais.

6. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an geilleagar ag fás go seasta, go bhfuil na hearnálacha baincéireachta agus airgeadais cobhsaí agus go bhfuil feabhas tagtha ar mhargadh an tsaothair. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé neamhspleáchas an Bhainc Ceannais agus ceapacháin thrédhearcacha neamhchlaonta chomhaltaí an bhoird a chosaint agus is díol sásaimh di gur ceapadh leas-ghobharnóirí le déanaí. Molann an Chomhairle do Mhontainéagró na hathchóirithe struchtúracha is gá a chur chun feidhme a thuilleadh, an fiachas poiblí a laghdú agus leanúint dá iarrachtaí an rialachas fioscach agus an trédhearcacht a neartú.

7. Leanann an Comhairle de bheith tiomanta do thuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le Montainéagró a lánpháirtiú de réir a chéile i margadh inmheánach an Aontais, ar bhonn, *inter alia*, chur chun feidhme feabhsaithe an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais. Is díol sásaimh don Chomhairle cur chun feidhme leanúnach an **Phlean Fáis** do na Balcáin Thiar i Montainéagró, atá ar an mbóthar ceart chun tairbhí nithiúla a chur ar fáil do na saoránaigh. Tugann sí dá haire go dearfach an chéad dá íocaíocht pháirteacha faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis agus molann sí do Mhontainéagró leanúint dá Chlár Oibre don Athchóiriú a chur chun feidhme.

8. Tugann an Chomhairle dá haire gur gnéithe bunriachtanacha de phróiseas an mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais i gcónaí iad an **dea-chaidreamh comharsanachta** agus an comhar réigiúnach.

9. Molann an Chomhairle Montainéagró go mór as an gcomhar comhsheasmhach atá ar bun aici maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach, agus as a ailíniú iomlán buanseasmhach le **CBES an Aontais**, lena n-áirítear bearta sriantacha an Aontais, ar léiriú follasach é ar thiomantas straitéiseach Mhontainéagró dá chonair i dtreo an Aontais. Is díol sásaimh di freisin rannpháirtíocht ghníomhach leanúnach Mhontainéagró i misin agus in oibríochtaí CBSC an Aontais, chomh maith leis an spéis atá léirithe aici an comhar sin a neartú. Leis an Idirphlé ardleibhéil maidir le Slándáil agus Cosaint idir an tAontas agus Montainéagró, cuirtear ardán solúbtha ar fáil le haghaidh comhar praiticiúil níos doimhne.

**AN ALBÁIN**

10. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn suntasach atá déanta ag an Albáin, as ar eascair oscailt na gcnuasach caibidlíochta uile. Is díol sásaimh don Chomhairle plean uaillmhianach an rialtais an chaibidlíocht aontachais a thabhairt chun críche go rathúil agus molann sí do na fórsaí polaitiúla agus do na páirtithe leasmhara uile dlús a chur lena n-iarrachtaí agus oibriú le chéile chun a áirithiú go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn.

11. Meabhraítear don Chomhairle an ról ríthábhachtach atá ag **parlaimint** na hAlbáine maidir le hathchóirithe a bhaineann leis an Aontas a phlé agus a ghlacadh agus maidir lena áirithiú go mbeidh siad bunaithe ar phróiseas cuimsitheach, cuiditheach agus trédhearcach.

12. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gurb é an dul chun cinn maidir le cnuasach na **mbunphrionsabal** a chinnfidh luas foriomlán na caibidlíochta. Molann an Chomhairle don Albáin dlús a chur leis an athchóiriú ar na bunphrionsabail, go háirithe chun comhlíonadh na **dtagarmharcanna eatramhacha** i ndáil le caibidlí 23 agus 24 maidir leis an smacht reachta a thabhairt chun críche, rud a chuirfeadh ar chumas na hAlbáine tús a chur leis na caibidlí caibidlíochta a dhúnadh go sealadach. Ba cheart don Albáin dlús a chur freisin leis an obair chun na **tagarmharcanna deiridh** i ngach caibidil chaibidlíochta a bhaint amach.

13. I réimse na **mbunphrionsabal**, lena n-áirítear an **smacht reachta**, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil an t-athchóiriú ceartais á chur chun feidhme go leanúnach ag an Albáin, agus is díol sásaimh di an méid sin, agus cuireann sí i dtreis gur gá sláine agus cuntasacht na mbreithiúna a choinneáil ar bun trí na hardchaighdeáin a bhunaítear leis an ngrinnfhiosrúchán a chur i bhfeidhm. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá neamhspleáchas na mbreithiúna, lena n-áirítear an Struchtúr Speisialaithe um Chomhrac an Éillithe agus na Coireachta Eagraithe (SPAK), agus a thábhachtaí atá sé athléimneacht an chórais ceartais a neartú a thuilleadh i gcoinne cur isteach inmheánach nó seachtrach. Meabhraítear don Chomhairle freisin a thábhachtaí atá sé go n-áiritheoidh an Albáin cosaint bhreithiúnach éifeachtach agus cur chun feidhme comhsheasmhach breithiúnas cúirte. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta ag an Albáin sa chomhrac i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe, agus iarrann sí uirthi cuntas teiste láidir a fhorbairt a thuilleadh agus a hacmhainneachtaí a neartú chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair sin. Is díol sásaimh don Chomhairle na dea-thorthaí a bhain SPAK agus a chúirteanna amach cheana féin, lena n-áirítear i gcásanna éillithe ardleibhéil. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an dea-chomhar le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí an Aontais agus na mBallstát, ar cheart leanúint leis, lena n-áirítear comhar maidir le himscrúduithe airgeadais. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil tábhacht le rialuithe neartaithe agus le hacmhainneachtaí comhdhlúite chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

14. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh, lena n-áirítear reachtaíocht a ghlacadh maidir le cearta daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad i réimsí na féinaitheanta agus úsáid teangacha mionlaigh, maidir le cosaint sonraí pearsanta agus maidir le comhionannas inscne. Meabhraítear di a thábhachtaí atá sé go leanfadh an Albáin de chosaint na **gceart bunúsach** a neartú. Ní mór saoirse na meán agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a neartú. Ní mór don Albáin dlús breise a chur lena hiarrachtaí iolrachas agus neamhspleáchas na meán a neartú, lena n-áirítear trí dhíchoiriúlú iomlán an chlúmhillte a áirithiú, trédhearcacht úinéireacht agus mhaoiniú na meán a mhéadú agus timpeallacht atá slán sábháilte a áirithiú d'iriseoirí. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé cearta an linbh a chur chun cinn, chomh maith leis an reachtaíocht thánaisteach maidir le mionlaigh a chur chun feidhme go héifeachtach, athchóiriú cuimsitheach ar earnáil na talún a chur chun feidhme agus cearta maoine a chomhdhlúthú ar bhealach trédhearcach agus inchreidte i gcomhréir leis an gComhsheasamh ón Aontas maidir le Cnuasach 1. Ní mór ról na sochaí sibhialta a neartú a thuilleadh freisin agus comhairliúcháin fhóinteacha a threisiú.

15. Tugann an Chomhairle dá haire go raibh toghcháin pharlaiminteacha an 11 Bealtaine 2025 iomaíoch, in ainneoin na n-easnamh a sainaithníodh, ar easnaimh iad nach mór aghaidh a thabhairt orthu. Agus an méid sin á chur san áireamh, iarrann an Chomhairle go ndéanfaí **athchóiriú** cuimsitheach toghchánach ar bhealach cuimsitheach tráthúil, i gcomhréir le moltaí ESCE/ODIHR agus Choimisiún na Veinéise.

16. Aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta maidir le **himirce** agus bainistiú teorainneacha, agus béim á leagan aici ag an am céanna ar a thábhachtaí atá sé tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le feabhas a chur ar chórais agus ar nósanna imeachta glactha tearmainn chomh maith le hailíniú pras iomlán le beartas víosaí an Aontais.

17. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, is díol sásaimh don Chomhairle leibhéal maith ullmhúcháin na hAlbáine i ndáil le geilleagar margaidh feidhmiúil a fhorbairt. Molann sí don Albáin dlús a chur leis na hiarrachtaí chun dul chun cinn a dhéanamh maidir lena hacmhainneacht déileáil le brú iomaíochta agus le fórsaí an mhargaidh san Aontas agus na hathchóirithe struchtúracha is gá a chur chun feidhme ar bhealach inbhuanaithe.

18. Leanann an Comhairle de bheith tiomanta tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an Albáin a lánpháirtiú de réir a chéile i margadh inmheánach an Aontais, ar bhonn, *inter alia*, chur chun feidhme feabhsaithe an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais. Is díol sásaimh don Chomhairle cur chun feidhme leanúnach an **Phlean Fáis** do na Balcáin Thiar san Albáin, atá ar an mbóthar ceart chun tairbhí nithiúla a chur ar fáil do na saoránaigh. Tugann sí dá haire go dearfach an chéad dá íocaíocht pháirteacha faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis agus molann sí don Albáin leanúint dá Clár Oibre don Athchóiriú a chur chun feidhme.

19. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an Albáin ag leanúint de pháirt chuiditheach a ghlacadh sa **chomhar iltaobhach** agus **réigiúnach**. Tugann an Chomhairle dá haire gur gnéithe bunriachtanacha de phróiseas an mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais i gcónaí iad an **dea-chaidreamh comharsanachta** agus an comhar réigiúnach.

20. Molann an Chomhairle an Albáin go mór as an gcomhar comhsheasmhach atá ar bun aici maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach, agus as a hailíniú iomlán buanseasmhach le **CBES an Aontais**, lena n-áirítear maidir le bearta sriantacha an Aontais, ar léiriú follasach é ar thiomantas straitéiseach na hAlbáine dá conair i dtreo an Aontais. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach na hAlbáine i misin agus in oibríochtaí an Aontais faoi CBSC agus a hullmhacht chun feabhas a chur ar an gcomhar faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Slándála agus Cosanta leis an Aontas.

**AN ÚCRÁIN**

21. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, cogadh atá ina shárú follasach ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus meabhraítear di go bhfuil an tAontas Eorpach ag tacú go daingean le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad agus ag tacú freisin le ceart bunúsach na hÚcráine í féin a chosaint in aghaidh fhogha na Rúise. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht chuimsitheach, pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a chur ar fáil don Úcráin agus dá muintir a fhad is gá.

22. Tugann an Chomhairle dá haire go dtabharfar lánurraim do bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus go gcuirfear leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile san áireamh nuair a bheidh an tacaíocht mhíleata uile agus na ráthaíochtaí slándála á gcur ar fáil don Úcráin.

23. Molann an Chomhairle an Úcráin as a tiomantas láidir agus as an obair dhaingean atá á déanamh aici maidir le hathchóirithe a bhaineann le haontachas in ainneoin í a bheith in anacair ghéar. Is díol sásaimh don Chomhairle gur tugadh an próiseas scagtha chun críche go rathúil agus go pras agus tugann sí dá haire go cuí an measúnú ón gCoimisiún go bhfuil gach ceann de na 6 chnuasach réidh le hoscailt. Tugann an Chomhairle dá haire go cuí gur ghlac an Úcráin na treochláir maidir leis an smacht reachta, maidir leis an riarachán poiblí agus maidir le hinstitiúidí daonlathacha, chomh maith le plean gníomhaíochta maidir le mionlaigh náisiúnta, agus rinne an Coimisiún measúnú dearfach orthu uile. Tá an Chomhairle ag tnúth le cnuasaigh a oscailt, ag tosú le cnuasach na mbunphrionsabal gan mhoill agus na cnuasaigh eile ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an modheolaíocht agus leis an gcreat caibidlíochta. Tá obair á déanamh ag an gComhairle d’fhonn na chéad chéimeanna eile a ullmhú.

24. Leanann an tAontas de **thacaíocht a thabhairt** do riachtanais dhaonnúla na hÚcráine, chomh maith le tacaíocht do dheisiú, téarnamh agus atógáil na tíre sin.

25. Tugann an Chomhairle dá haire na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Úcráin chun an **smacht reachta** a neartú, agus chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le **hathchóirithe breithiúnacha** agus riaracháin phoiblí atá ríthábhachtach i gcónaí chun dul chun cinn a dhéanamh ar chonair an Aontais. Tá neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus ionracas na mbreithiúna ríthábhachtach i gcónaí. Leagann an Chomhairle béim freisin ar an ngá don Úcráin leanúint de na folúntais sa Chúirt Bhunreachtúil a líonadh trí nós imeachta roghnúcháin trédhearcach atá bunaithe ar fhiúntas gan a thuilleadh moille agus ar an ngá di feidhmiúlacht agus cumas riaracháin na Cúirte a áirithiú.

26. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá próisis roghnúcháin agus próisis ghrinnfhiosrúcháin atá thrédhearcach agus bunaithe ar fhiúntas i measc na mbreithiúna trí chéile, lena n-áirítear feabhas a chur ar an nós imeachta roghnúcháin agus ar na seiceálacha ionracais don Chúirt Uachtarach. Sa chomhthéacs sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht shealadach fhóinteach na saineolaithe neamhspleácha arna n-ainmniú ag comhpháirtithe idirnáisiúnta.

27. Maidir leis an **gcomhrac in aghaidh an éillithe**, leagann an Chomhairle béim láidir ar a thábhachtaí atá institiúidí neamhspleácha éifeachtacha in aghaidh an éillithe agus is díol sásaimh di an ceartú reachtach a rinneadh i mí Iúil 2025 lenar athbhunaíodh uathriail agus neamhspleáchas nós imeachta Oifig Náisiúnta na hÚcráine in aghaidh an Éillithe (NABU) agus Oifig an Ionchúisitheora Speisialaithe in aghaidh an Éillithe (SAPO), agus é á mheabhrú di ag an am céanna gur gá aghaidh a thabhairt fós ar fhorálacha áirithe. Beidh an Chomhairle ar an airdeall anois agus choíche maidir leis an ábhar sin agus cuireann sí i bhfios go láidir gur gá a áirithiú nach n-imreoidh aon chur isteach dlíthiúil ná polaitiúil tionchar ar obair na n-institiúidí sin amach anseo. Is díol sásaimh don Chomhairle na torthaí a chuir NABU agus SAPO ar fáil in 2025, lena n-áirítear líon suntasach imscrúduithe, go háirithe i gcásanna ardleibhéil éillithe. Molann sí go láidir don Úcráin leanúint dá hiarrachtaí maidir le feabhas breise a chur ar a cuntas teiste agus ar a hacmhainneachtaí sa réimse sin. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh di freisin gur ghlac an Úcráin an dlí maidir leis an athchóiriú ar an nGníomhaireacht um Aisghabháil agus Bainistiú Sócmhainní le déanaí agus tá sí ag súil go gcuirfear chun feidhme go pras é. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí breithiúna breise a roghnú agus a cheapadh don Ard-Chúirt in aghaidh an Éillithe go tráthúil, tar éis nós imeachta inchreidte.

28. Is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas leanúnach na hÚcráine **cearta bunúsacha** a chur chun cinn agus a chosaint, agus tugann sí dá haire go bhfuil an creat reachtach agus an creat institiúideach á neartú a thuilleadh sa réimse sin. Ní mór faireachán a dhéanamh ar na teagmhais brú pholaitiúil líomhnaithe ar ghníomhaithe frithéillithe, ar chosantóirí chearta an duine agus ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu. Tugann an Chomhairle dá haire go cuí na leasuithe breise a glacadh chun an creat reachtach a neartú maidir le cearta na ndaoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad a chosaint. Ba cheart leanúint den reachtaíocht sin a chur chun feidhme chomh maith leis an ngealltanas a thug an Úcráin, i gcomhréir leis an gCreat Caibidlíochta. Molann an Chomhairle don Úcráin an méid seo a leanas a threisiú, i measc nithe eile: timpeallacht meán atá trédhearcach, iolraíoch agus neamhspleách, cosaint eagraíochtaí na sochaí sibhialta, forfheidhmiú chearta na ndaoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

29. Ní mór na hiarrachtaí chun **cur i gcoinne ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis** a neartú.

30. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, molann an Chomhairle an Úcráin as a cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch leanúnach agus as an dul chun cinn atá déanta aici maidir le hathchóirithe fioscacha agus riaracháin phoiblí, ar gá iad a thabhairt chun cinn, agus iarrann sí ar an Úcráin prionsabail ECFE maidir le rialachas corparáideach a chur chun feidhme a thuilleadh. Ós díol sásaimh di an dul chun cinn suntasach a rinneadh chun geilleagar mhargaidh feidhmiúil atá ag feidhmiú a bhunú, molann an Chomhairle don Úcráin dlús a chur lena hiarrachtaí dul chun cinn a dhéanamh maidir lena hacmhainneacht déileáil le brú iomaíochta agus le fórsaí an mhargaidh laistigh den Aontas. Is díol sásaimh don Chomhairle cur chun feidhme leanúnach Phlean na hÚcráine mar chuid den t**Saoráid don Úcráin** agus is díol sásaimh di a rannchuidiú cinntitheach leis na hathchóirithe a cuireadh chun feidhme go nuige seo, lena n-áirítear na hathchóirithe sin is gá le haghaidh aontachas na hÚcráine leis an Aontas, agus eisíocaíocht na gcistí comhfhreagracha agus meabhraítear di an gá atá le hiarrachtaí leanúnacha ar athchóiriú ina leith sin.

31. Ag meabhrú di a tacaíocht leanúnach, molann an Chomhairle iarrachtaí na hÚcráine feabhas a chur ar a slándáil **fuinnimh**, ar a hathléimneacht agus ar neamhspleáchas a soláthair sna cúinsí is dúshlánaí, i bhfianaise ionsaithe treisithe na Rúise ar bhonneagar fuinnimh agus sibhialta na hÚcráine. Tugann sí dá haire a thábhachtaí atá sé nascacht fuinnimh a fhorbairt chun athléimneacht earnáil fuinnimh na hÚcráine a fheabhsú agus chun í a chomhtháthú i margadh fuinnimh an Aontais. Tá gá anois le hiarrachtaí comhpháirteacha práinneacha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais láithreacha agus chun córas fuinnimh na hÚcráine a neartú tar éis na n-ionsaithe.

32. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí **lánpháirtiú de réir a chéile** na hÚcráine i margadh inmheánach an Aontais a chur chun cinn a thuilleadh, ar bhonn cur chun feidhme feabhsaithe an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas agus an Úcráin, lena n-áirítear an limistéar domhain cuimsitheach saorthrádála.

33. Molann an Chomhairle an Úcráin go mór as an gcomhar comhsheasmhach atá ar bun aici maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach agus slándála, agus as a ailíniú iomlán le **CBES an Aontais**, lena n-áirítear maidir le bearta sriantacha, i gcomhréir le prionsabail cheannasacht agus iomláine chríochach na stát uile. Is léir tiomantas straitéiseach na hÚcráine dá conair i dtreo an Aontais i bhfianaise an leibhéil an-ard ailínithe. Molann an Chomhairle freisin comhar tábhachtach na hÚcráine leis an Aontas maidir le cosc a chur ar theacht timpeall ar smachtbhannaí i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise, agus molann sí a rannpháirtíocht ghníomhach leanúnach i misin agus in oibríochtaí an Aontais faoi CBSC.

**AN MHOLDÓIV**

34. Molann an Chomhairle an Mholdóiv as a tiomantas láidir agus as an obair dhaingean a rinne sí maidir le hathchóirithe a bhaineann leis an aontachas in ainneoin na n-imthosca dúshlánacha a d'eascair as cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus as ionsaithe hibrideacha lena ndírítear go háirithe ar an Moldóiv, chomh maith leis an ngéarchéim fuinnimh a bhí ann le déanaí.

35. Is díol sásaimh don Chomhairle gur tugadh an próiseas scagtha chun críche go rathúil agus go pras agus tugann sí dá haire go cuí an measúnú ón gCoimisiún go bhfuil gach ceann de na 6 chnuasach réidh le hoscailt. Tugann an Chomhairle dá haire go cuí gur ghlac an Mholdóiv na treochláir maidir leis an smacht reachta, maidir leis an riarachán poiblí agus maidir le hinstitiúidí daonlathacha, agus bhí toradh dearfach ar an measúnú a rinne an Coimisiún orthu uile. Tá an Chomhairle ag tnúth le cnuasaigh a oscailt, ag tosú le cnuasach na mbunphrionsabal gan mhoill agus na cnuasaigh eile ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an modheolaíocht agus leis an gcreat caibidlíochta. Tá obair á déanamh ag an gComhairle d'fhonn na chéad chéimeanna eile a ullmhú.

36. Is díol sásaimh don Chomhairle an sainordú polaitiúil athnuaite treisithe a fuair údaráis na Moldóive tar éis an reifrinn maidir le ballraíocht san Aontas a tionóladh an 20 Deireadh Fómhair 2024 agus na toghcháin pharlaiminteacha a bhí ann le déanaí lena n-athdhearbhaítear toilmhianta Eorpacha mhuintir na Moldóive, chomh maith le tiomantas na Moldóive dá conair i dtreo an Aontais agus d'athchóirithe leanúnacha a bhaineann leis an Aontas. Molann an Chomhairle an athléimneacht a léirigh institiúidí daonlathacha na Moldóive maidir leis na toghcháin dhea-bhainistithe a eagraíodh i gcomhthéacs dúshlánach, lena n-áirítear cur isteach eachtrach láidir, bréagaisnéis agus cibirionsaithe, go háirithe ón Rúis. Tugann an Chomhairle dá haire gach ar foghlaimíodh de dheasca na n-ionsaithe sin, ar bagairt fós iad ar an muinín as an daonlathas agus ar iolrachas na meán agus leanfaidh sí de thacaíocht a thabhairt don Mholdóiv sa réimse sin.

37. Maidir leis na **bunphrionsabail**, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint de luas bríomhar na n-athchóirithe, go háirithe i réimsí an smachta reachta, an cheartais, na slándála agus na gceart bunúsach, lena n-áirítear cearta na ndaoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Is díol sásaimh di cur chuige cuimsitheach na Moldóive maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe, ina bhfuil an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach agus ionadaithe an diaspóra rannpháirteach. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin gur iarr an Mholdóiv dul isteach i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, rud a léiríonn a tiomantas ailíniú a thuilleadh le caighdeáin an Aontais maidir le cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn.

38. Ag tógáil ar an dul chun cinn suntasach a rinneadh cheana féin, ba cheart don Mholdóiv leanúint dá **hathchóiriú** cuimsitheach **ceartais** a chur chun cinn, lena n-áirítear grinnfhiosrúchán agus ceapachán na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí a thabhairt chun críche, agus neamhspleáchas agus sláine na mbreithiúna a neartú, as a dtiocfaidh cuntas teiste dearfach maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus breithiúnais chríochnaitheacha ar gach leibhéal. Molann an Chomhairle don Mholdóiv feabhas a chur ar fheidhmiú an Údaráis Náisiúnta Sláine chun sócmhainní agus leasanna pearsanta oifigeach ardleibhéil poiblí a fhíorú go héifeachtach.

39. Molann an Chomhairle don Mholdóiv leanúint den **éilliú** a chomhrac, den acmhainneacht ionchúisimh a mhéadú agus de neamhspleáchas na mbreithiúna a fheabhsú. Is díol sásaimh don Chomhairle comhrac na Moldóive i gcoinne maoiniú aindleathach, chomh maith lena fócas ar chuntas teiste láidir a chruthú maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe, lena n-áirítear i gcásanna ardleibhéil. Molann sí cur chuige sistéamach na Moldóive maidir le bac a chur ar olagarcaí agus molann sí go leanfaí de na gníomhaíochtaí gaolmhara a chur chun feidhme. Tugann an Chomhairle dá haire freisin tiomantas na n-údarás dul i ngleic le sciúradh airgid, lena n-áirítear trí chomhar feabhsaithe le Tascfhórsa an Aontais um Ghníomhaíocht Airgeadais agus trí úsáid a bhaint as uirlisí teicneolaíochta nua, lena n-áirítear le linn tréimhsí toghcháin. Is díol sásaimh don Chomhairle iarrachtaí na Moldóive an riarachán poiblí agus an bainistiú airgeadais a neartú, lena n-áirítear athchóiriú an rialtais áitiúil. Molann sé go leanfaí d'fheabhas a chur ar an gcumas riaracháin sna príomhinstitiúidí.

40. Molann an Chomhairle athléimneacht na Moldóive i bhfianaise ionsaithe **hibrideacha** na Rúise nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus athdhearbhaíonn sí tacaíocht leanúnach an Aontais, lena n-áirítear trí Mhisean Comhpháirtíochta an Aontais sa Mholdóiv. Is díol sásaimh di iarrachtaí réamhghníomhacha na Moldóive chun an bhréagaisnéis a chomhrac, lena n-áirítear straitéis cumarsáide náisiúnta agus cineálacha cur chuige nuálacha pobalbhunaithe a fhorbairt chun gníomhaithe áitiúla, cuir i gcás feirmeoirí, eagraíochtaí don óige agus ceannairí creidimh a spreagadh chun bheith rannpháirteach. Molann an Chomhairle an rannpháirtíocht leanúnach in Gagauzia, agus meabhraítear di an tábhacht a bhaineann le cur i gcoinne na bréagaisnéise agus an chumarsáid chuimsitheach oibiachtúil maidir le lánpháirtiú an Aontais a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil. Molann an Chomhairle don Mholdóiv leanúint de na hiarrachtaí cuimsitheacha sin chun athléimneacht na sochaí a neartú, rannpháirtíocht vótálaithe a chothú, agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a chosaint, lena n-áirítear tríd an dlí infheistíochta straitéisí a ailíniú le caighdeáin Eorpacha.

41. Molann an Chomhairle an dul chun cinn stuama atá déanta ag an Moldóiv chun feabhas a chur ar an tslándáil **fuinnimh** agus ar neamhspleáchas an tsoláthair. Tugann an Chomhairle dá haire freisin, agus is díol sásaimh di, tiomantas na Moldóive dlús a chur le **hidirnaisc bhonneagair** chun leochaileachtaí a laghdú agus chun athléimneacht réigiúnach a neartú. Tá an tAontas faoi réir le leanúint de thacaíocht a thabhairt don phróiseas sin.

42. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh chun geilleagar margaidh feidhmiúil a bhunú, agus molann sí don Mholdóiv a cuid iarrachtaí a neartú chun dul chun cinn a dhéanamh maidir lena hacmhainneacht déileáil le brú iomaíochta agus fórsaí margaidh san Aontas. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint d'athchóirithe eacnamaíocha claochlaitheacha agus an comhar earnála leis an Aontas a dhoimhniú. Molann an Chomhairle beartas fioscach lena n-áirithítear inbhuanaitheacht fiachais a shaothrú. Áirítear leis sin infheistíochtaí poiblí a mhéadú chun fás eacnamaíoch a spreagadh, go háirithe tríd an b**Plean Fáis** don Mholdóiv. Is díol sásaimh don Chomhairle gur bunaíodh an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis dar luach EUR 1.9 billiún, ar cuid den Phlean Fáis sin é, agus tugann sí dá haire agus is díol sásaimh di na hathchóirithe a cuireadh chun feidhme go dtí seo agus eisíocaíocht na gcistí comhfhreagracha agus meabhraítear di an gá atá le hiarrachtaí leanúnacha ar athchóiriú a dhéanamh ina leith sin.

43. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí **lánpháirtiú de réir a chéile** na Moldóive i margadh inmheánach an Aontais a chur chun cinn a thuilleadh, ar bhonn cur chun feidhme feabhsaithe an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas agus an Mholdóive agus an limistéir domhain chuimsithigh saorthrádála. Molann sé acmhainneacht na Gníomhaireachta um Idirghabhálacha agus Íocaíochtaí don Talmhaíocht a mhéadú, agus tacaíonn sé le tuilleadh comhordaithe athchóirithe le cúnamh ón Aontas.

44. Athdhearbhaíonn an tAontas a thacaíocht láidir bhuanseasmhach do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na Moldóive laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad, agus tá sé lántiomanta i gcónaí tacú le réiteach cuimsitheach, síochánta agus inbhuanaithe ar choinbhleacht Thras-dnístria. Iarrann sí ar an Rúis na fórsaí míleata atá lonnaithe go neamhdhleathach ar chríoch na Moldóive aici a tharraingt siar.

45. Molann an Chomhairle an Mholdóiv go mór as an gcomhar comhsheasmhach atá ar bun aici maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach agus slándála, agus as a iarrachtaí leanúnacha ailíniú go hiomlán le **CBES an Aontais**, lena n-áirítear bearta sriantacha, i gcomhréir le prionsabail cheannasacht agus iomláine chríochach na stát uile. Is léir tiomantas straitéiseach na Moldóive dá conair i dtreo an Aontais i bhfianaise ardleibhéil ailínithe na tíre sin. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin comhar na Moldóive leis an Aontas maidir le cosc a chur ar theacht timpeall ar smachtbhannaí i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise, agus is díol sásaimh di a rannpháirtíocht ghníomhach i misin agus in oibríochtaí an Aontais faoin CBSC. Is díol sásaimh don Chomhairle ullmhacht na Moldóive chun feabhas a chur ar an gcomhar faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Slándála agus Cosanta leis an Aontas.

**AN tSEIRBIA**

46. Is díol sásaimh don Chomhairle gurb é an lánpháirtiú san Aontas sprioc straitéiseach na Seirbia i gcónaí, agus tá sí ag súil go ndéanfaidh an tSeirbia beart soiléir de réir briathair i ndáil leis an méid sin. Áirítear leis sin toil láidir pholaitiúil agus comhsheasmhacht a léiriú maidir le hathchóirithe a bhaineann leis an Aontas a chur chun feidhme, agus cumarsáid a dhéanamh go hoibiachtúil agus gan débhrí maidir leis an Aontas. Cé gur tháinig moill shuntasach ar na hathchóirithe le bliain anuas, tugann an Chomhairle dá haire forbairtí dearfacha áirithe a rinneadh le déanaí agus molann sí don tSeirbia leanúint den treocht sin.

47. Tugann an Chomhairle dá haire an dul chun cinn, ar an iomlán, a rinneadh sa chaibidlíocht aontachais go dtí seo, agus 22 chaibidil chaibidlíochta as 35 oscailte, agus 2 chaibidil dúnta go sealadach. Ag aithint di measúnú an Choimisiúin go gcoinníonn an tSeirbia a leibhéal ullmhachta maidir leis na tagarmharcanna tosaigh i gcnuasach 3 (Iomaíochas agus Fás Cuimsitheach), fillfidh an Chomhairle ar an tsaincheist maidir le cnuasach 3 a oscailt i gcomhréir leis an gcreat caibidlíochta, agus á meabhrú di go háirithe go bhfuil gá le dul chun cinn suntasach breise a bheith déanta ag an tSeirbia maidir leis an smacht reachta agus normalú an chaidrimh leis an gCosaiv, rud a mbeidh tionchar mór aige go fóill ar a thapúla a chuirfear an chaibidlíocht aontachais i gcrích.

48. Tugann an Chomhairle dá haire na **holl-agóidí** intíre a spreagadh nuair a thit ceannbhrat stáisiúin traenach in Novi Sad, nuair a maraíodh 16 dhuine. Cé gur áirithíodh an tsaoirse comhthionóil a bheag nó a mhór, meabhraítear don Chomhairle gur gá é a neartú, agus sábháilteacht iriseoirí a áirithiú. Ní mór imscrúduithe neamhchlaonta críochnúla a dhéanamh ar thuairiscí maidir le foréigean agus úsáid iomarcach fornirt le linn cuid de na hagóidí sin. Iarrann an Chomhairle ar an tSeirbia an teannas a mhaolú agus an polarú domhain sa tsochaí a shárú trí na dálaí a bhunú le haghaidh idirphlé cuimsitheach ina mbeidh na geallsealbhóirí uile rannpháirteach, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta.

49. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé na **cearta bunúsacha** uile a chosaint, lena n-áirítear saoirse na meán, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, cosaint na ngrúpaí is leochailí, chomh maith le caitheamh go neamh-idirdhealaitheach le daoine ar de mhionlaigh iad ar fud na Seirbia. Tugann an Chomhairle dá haire agus is oth léi go ndeachaigh an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh ar gcúl, ach is díol sásaimh di gur glacadh leasuithe ar reachtaíocht maidir leis na meáin, a bhfuil a gcur chun feidhme de réir brí agus meoin ríthábhachtach. Cé gur díol sásaimh don Chomhairle na céimeanna a tugadh go dtí seo, iarrann sí ar an tSeirbia bailchríoch a chur go pras ar cheapachán Chomhairle an Údaráis Rialála um na Meáin Leictreonacha ar bhealach cuimsitheach trédhearcach agus a áirithiú go mbeidh sí in ann oibriú go héifeachtach. Iarrann an Chomhairle ar an tSeirbia freisin páirt ghníomhach a ghlacadh chun gach cineál bréagaisnéise agus cúblála faisnéise eachtraí a chosc agus chun dul i ngleic leo, lena n-áirítear cur i gcoinne insintí in aghaidh an Aontais sna meáin agus sa chumarsáid phoiblí. Ní mór don tSeirbia timpeallacht fhíorchumasaithe a áirithiú don tsochaí shibhialta, do na meáin agus don tsaoirse acadúil agus cosaint agus sábháilteacht iriseoirí a neartú.

50. Ba cheart don tSeirbia dlús a chur le hathchóirithe agus torthaí inláimhsithe nithiúla maidir leis na **bunphrionsabail** a bhaint amach, go háirithe trí leanúint de dhíriú ar thagarmharcanna eatramhacha chaibidlí 23 agus 24 maidir leis an smacht reachta a chomhlíonadh. Tugann an Chomhairle dá haire nach ndearnadh aon dul chun cinn maidir leis na breithiúna agus nach ndearnadh ach dul chun cinn teoranta sa chomhrac i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe.

51. Is díol sásaimh don Chomhairle gur glacadh na leasuithe ar an dlí maidir le clár aontaithe vótálaithe agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé é a chur chun feidhme go cuí, go háirithe tríd an iniúchadh ar an gclár vótálaithe a thabhairt chun críche. Molann an Chomhairle go mór don tSeirbia aghaidh a thabhairt ar na moltaí nár thug sí aghaidh orthu go fóill a rinne ESCE agus an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine mar aon le comhlachtaí Chomhairle na hEorpa, lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann le príomhghnéithe den **phróiseas toghcháin**.

52. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh maidir le bainistiú teorannacha agus iarrann sí ar an tSeirbia ailíniú go pras le beartas víosaí an Aontais. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis imní di go bhfuarthas cearta taistil gan víosa chuig an Aontas do náisiúnaigh na Rúise trí shaoránacht na Seirbia a dheonú dóibh de bhun an nós imeachta mhear, rud a d’fhéadfadh a bheith ina riosca slándála don Aontas.

53. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, is díol sásaimh don Chomhairle an dea-ullmhúchán atá déanta ag an tSeirbia chun geilleagar margaidh feidhmiúil a fhorbairt, agus molann sí don tSeirbia dlús a chur lena hiarrachtaí dul chun cinn a dhéanamh maidir lena acmhainneacht déileáil le brú iomaíochta agus fórsaí margaidh san Aontas agus na hathchóirithe struchtúracha riachtanacha a chur chun feidhme. Is díol sásaimh don Chomhairle na céimeanna atá tugtha ag an tSeirbia chun a cuid foinsí agus bealaí fuinnimh a éagsúlú.

54. Leanann an Comhairle de bheith tiomanta do thuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an tSeirbia a lánpháirtiú de réir a chéile i margadh inmheánach an Aontais, ar bhonn, *inter alia*, chur chun feidhme feabhsaithe an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais. Is díol sásaimh don Chomhairle cur chun feidhme leanúnach an **Phlean Fáis** do na Balcáin Thiar sa tSeirbia, atá ar an mbóthar ceart chun tairbhí nithiúla a chur ar fáil do na saoránaigh. Tugann sí dá haire go dearfach eisíocaíocht an réamh-mhaoinithe agus molann sí don tSeirbia leanúint dá Clár Oibre don Athchóiriú a chur chun feidhme i bhfianaise na gcéad íocaíochtaí eile.

55. Molann an Chomhairle don tSeirbia an **dea-chaidreamh comharsanachta** a neartú agus cur leis an gcobhsaíocht agus leis an athmhuintearas leis na comhpháirtithe uile sa réigiún. Cé gur díol sásaimh di gur chloígh an tSeirbia lena tiomantas i roinnt tionscnamh um chomhar réigiúnach, tá gá fós le hiarrachtaí cinntitheacha chun saincheisteanna atá fréamhaithe in oidhreacht an ama atá caite a réiteach, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le prionsabail bhunaithe.

56. Leanann an Chomhairle de bhéim a chur ar a thábhachtaí atá comhar réigiúnach fóinteach i ndáil le **coireanna cogaidh a láimhseáil ar an leibhéal náisiúnta**, cásanna na ndaoine siúd atá ar iarraidh fós a réiteach agus comhar iomlán leis an Sásra Iarmharach Idirnáisiúnta le haghaidh Binsí Coiriúla. Níor cheart aon tacaíocht a bheith ann do choirpigh chogaidh chiontaithe ná d’adhmholadh ná do shéanadh na gcoireanna a rinne siad.

57. Is díol sásaimh don Chomhairle an méadú de réir a chéile a tháinig le déanaí ar ailíniú na Seirbia le CBES an Aontais, ach athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí ag súil go mór go gcuirfidh an tSeirbia dlús lena hiarrachtaí i dtreo **ailíniú** iomlán, go háirithe trí ailíniú le bearta sriantacha an Aontais i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise a rinneadh i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, agus sin mar ábhar tosaíochta. Iarrann an Chomhairle freisin ar údaráis na Seirbia staonadh ó ghníomhaíochtaí agus ó ráitis nach dtagann le seasaimh an Aontais maidir leis an mbeartas eachtrach agus ábhair straitéiseacha eile. Is díol sásaimh don Chomhairle an cúnamh arna thabhairt ag an tSeirbia don Úcráin, agus molann sí don tSeirbia leanúint dá comhar leis an Aontas maidir le cosc a chur ar an teacht timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach agus ranchuidiú tábhachtach na Seirbia i misin agus in oibríochtaí an Aontais faoi Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais.

58. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí go hiomlán leis an Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine, arna éascú ag an Aontas, maidir leis an gcaidreamh eatarthu a normalú, faoi stiúir an Ardionadaí agus le tacaíocht ó Ionadaí Speisialta an Aontais.

59. Braitheann an dul chun cinn ar a gconairí Eorpacha faoi seach ar na hiarrachtaí a rinneadh chun a ngealltanais uile a chur chun feidhme go hiomlán ó Chomhaontú 2023 maidir leis an gConair i dtreo an Normalaithe agus ón Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis agus ó na comhaontuithe uile a rinneadh roimhe seo gan tuilleadh moilleanna ná réamhchoinníollacha. Tá an baol ann go gcaillfidh an dá pháirtí deiseanna tábhachtacha in éagmais dul chun cinn maidir lena gcaidreamh a normalú. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil dúshláin ag baint leis na comhthéacsanna polaitiúla intíre sa tSeirbia agus sa Chosaiv araon maidir le dul chun cinn a dhéanamh, agus is oth léi go bhfuil cur chun feidhme roinnt comhaontuithe Idirphlé ag an dá thaobh gan críochnú go fóill.

60. Táthar ag súil go gcuirfidh an tSeirbia na comhaontuithe uile ar thángthas orthu san Idirphlé chun feidhme go hiomlán agus go dtosóidh sí ag comhlíonadh a gealltanas ó Chomhaontú 2023 trí aitheantas doiciméad agus siombailí a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 1 agus go staonfaidh sí ó chur i gcoinne bhallraíocht na Cosaive in aon eagraíocht idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 4.

61. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go meastar go réiteofar stádas na struchtúr agus na seirbhísí a fhaigheann tacaíocht ón tSeirbia, go háirithe cúram sláinte agus oideachas, ar bhealach comhordaithe, trédhearcach agus cuimsitheach i gcomhréir le comhaontuithe Idirphlé agus le dlí na Cosaive.

62. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí ag súil le Seirbiaigh na Cosaive a ath-imeascadh, ag tosú le rannpháirtíocht chuimsitheach in institiúidí na Cosaive ar gach leibhéal, agus ina dhiaidh sin, ath-imeascadh neamhchoinníollach na mbreithiúna incháilithe agus an phearsanra póilíneachta incháilithe, i gcomhréir le comhaontuithe Idirphlé agus lánurraim á tabhairt do chreat dlíthiúil na Cosaive.

63. Meastar go staonfaidh an tSeirbia agus an Chosaiv ó ghníomhaíochtaí gríosaitheacha, go seachnóidh siad reitric scoilteach agus go n-aimseoidh siad réitigh inbhuanaithe chomhordaithe lena ráthófar sábháilteacht, slándáil agus daonlathas rannpháirteach do gach saoránach. Tugann an Chomhairle dá haire céimeanna an díghéaraithe a thug an dá thaobh in 2025.

64. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go gcáineann sí go láidir na gníomhartha foréigneacha a rinne agóideoirí Seirbiacha na Cosaive i gcoinne saoránach, trúpaí KFOR, lucht forfheidhmithe an dlí, agus na meán i dtuaisceart na Cosaive i mí na Bealtaine 2023 agus an t-ionsaí foréigneach ar Phóilíní na Cosaive i mí Mheán Fómhair 2023. Níl aon údar maith le foréigean. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis mhór imní di nár chomhlíon an tSeirbia go fóill na hionchais maidir le cuntasacht iomlán agus is oth léi go mór gníomhaíochtaí neamhleora na Seirbia i ndáil leis sin, lena n-áirítear sáruithe ar nósanna imeachta Idirphlé maidir le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach.

65. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil an tArdionadaí réidh le cruinniú ardleibhéil den Idirphlé a thionól a luaithe a bheidh na dálaí fabhrach dó sin agus tá sí ag súil go dtapóidh an dá pháirtí an deis chun torthaí nithiúla a bhaint amach i dtreo comhaontú cuimsitheach a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí maidir leis an gcaidreamh a normalú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le *acquis* an Aontais.

**AN MHACADÓIN THUAIDH**

66. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil lánpháirtiú an Aontais ina sprioc straitéiseach ag an Macadóin Thuaidh fós agus molann sí di dlús a chur leis na hiarrachtaí chun na hathchóirithe a bhaineann leis an Aontas a chur chun cinn. Agus conclúidí mhí Iúil 2022 á mheabhrú di, tugann an Chomhairle dá haire nár chuir an Mhacadóin Thuaidh i gcrích go fóill **na hathruithe bunreachtúla** a bhí geallta aici. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí réidh le comhdháil idir-rialtasach eile a thionól, gan a thuilleadh moille ná cinneadh polaitiúil breise, a luaithe a bheidh an gealltanas sin curtha chun feidhme ag an Macadóin Thuaidh, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha. Ina dhiaidh sin, tá an Chomhairle faoi réir le tús a chur leis an gcéad chnuasach caibidlíochta a luaithe is féidir, i gcomhréir leis an gCreat Caibidlíochta.

67. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil gá le gníomhaíochtaí gasta cinntitheacha chun go gcomhlíonfaidh an Mhacadóin Thuaidh na tagarmharcanna tosaigh do chnuasach 1 maidir leis na **bunphrionsabail**. Iarrann an Chomhairle ar an Macadóin Thuaidh dlús a chur lena hiarrachtaí agus athchóirithe a chur i gcrích, go háirithe i réimse an smachta reachta, réimse nach ndearnadh aon dul chun cinn ina leith le bliain anuas. Ní mór don Mhacadóin Thuaidh neamhspleáchas agus sláine na mbreithiúna a chosaint, lena n-áirítear tríd an gComhairle Bhreithiúnach a neartú i gcomhréir le moladh misin athbhreithnithe piaraí 2023 agus leis an tuairim ó Choimisiún na Veinéise. Ní mór comhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe a threisiú. Ní mór don Mhacadóin Thuaidh feabhas a chur ar a cuntas teiste le himscrúduithe, ionchúisimh, ciontuithe deiridh agus coigistiú éifeachtach sócmhainní coiriúla i gcásanna ardleibhéil éillithe. Iarrann an Chomhairle ar an Macadóin Thuaidh cód coiriúil nua a ghlacadh i gcomhréir le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta. Tugann an Chomhairle dá haire go ndearnadh roinnt dul chun cinn i réimse an athchóirithe ar an riarachán poiblí agus molann sí don Mhacadóin Thuaidh dlús a chur lena hiarrachtaí maidir lena riarachán poiblí a nuachóiriú agus a áirithiú go mbeidh an acmhainneacht riaracháin is gá i bhfeidhm.

68. Tugann an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil faoi roinnt dul chun cinn a rinneadh le déanaí, agus molann sí d’údaráis na Macadóine Thuaidh an obair ar na **trí threochlár** d’fheidhmiú na n-institiúidí daonlathacha, athchóiriú an riaracháin phoiblí agus na caibidlí maidir leis an smacht reachta a ullmhú agus a thabhairt chun críche ar bhealach cuimsitheach, chomh maith leis an b**plean gníomhaíochta** atá dírithe ar chearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh nó de phobail iad a chosaint.

69. Iarrann an Chomhairle ar an Macadóin Thuaidh an athuair **cearta bunúsacha** a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh nó de phobail iad, saoirse na meán agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

70. Is díol sásaimh don Chomhairle go raibh na toghcháin áitiúla a reáchtáladh le déanaí i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2025 iomaíoch den chuid is mó, cé go raibh roinnt easnamh nós imeachta ann. Tá gá fós le h**athchóiriú** cuimsitheach **toghchánach**, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar mholtaí atá fós gan réiteach ó ESCE/an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine agus ó Choimisiún na Veinéise.

71. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhar maidir le bainistiú teorainneacha idir an Mhacadóin Thuaidh agus Frontex. Iarrann an Chomhairle ar an Macadóin Thuaidh dlús a chur leis na hiarrachtaí feabhas a chur ar na córais agus na nósanna imeachta glactha tearmainn.

72. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, tugann an Chomhairle dá haire an leibhéal maith ullmhúcháin agus an dul chun cinn teoranta atá déanta ag an Mhacadóin Thuaidh maidir le geilleagar margaidh feidhmiúil a fhorbairt. Tugann sí dá haire agus is díol sásaimh di go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta ag an Macadóin Thuaidh agus molann sí don iarrthóir dlús a chur lena iarrachtaí dul chun cinn a dhéanamh maidir lena acmhainneacht déileáil le brú iomaíochta agus le fórsaí an mhargaidh laistigh den Aontas agus na hathchóirithe struchtúracha is gá a chur chun feidhme. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh le déanaí maidir leis an nasc iarnróid feadh Chonair Iompair VIII, a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi, agus tá sí ag súil go gcuirfear na gealltanais a tugadh chun feidhme go héifeachtach.

73. Leanann an Comhairle de bheith tiomanta do thuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an Macadóin Thuaidh a lánpháirtiú de réir a chéile i margadh inmheánach an Aontais, ar bhonn, *inter alia*, chur chun feidhme feabhsaithe an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais. Is díol sásaimh don Chomhairle cur chun feidhme leanúnach an **Phlean Fáis** do na Balcáin Thiar sa Mhacadóin Thuaidh, atá ar an mbóthar ceart chun tairbhí nithiúla a chur ar fáil do na saoránaigh. Tugann sí dá haire go dearfach an chéad dá íocaíocht pháirteacha faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis agus molann sí don Mhacadóin Thuaidh leanúint dá Clár Oibre don Athchóiriú a chur chun feidhme.

74. Tugann an Chomhairle dá haire gur gnéithe bunriachtanacha de phróiseas an mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais i gcónaí iad an **dea-chaidreamh comharsanachta** agus an comhar réigiúnach. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé go mbainfí amach torthaí nithiúla, agus go gcuirfí comhaontuithe déthaobhacha chun feidhme de mheon macánta, lena n-áirítear Comhaontú Prespa leis an nGréig agus an Conradh maidir le Cairdeas, Dea-Chomharsanacht agus Comhar leis an mBulgáir i gcomhréir leis an gCreat Caibidlíochta.

75. Molann an Chomhairle an Mhacadóin Thuaidh go mór as an gcomhar comhsheasmhach atá ar bun aici maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach, agus as a hailíniú iomlán buanseasmhach le **CBES an Aontais**, lena n-áirítear maidir le bearta sriantacha an Aontais, ar léiriú follasach é ar thiomantas straitéiseach na Macadóine Thuaidh dá conair i dtreo an Aontais. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach na Macadóine Thuaidh i misin agus in oibríochtaí an Aontais faoi CBSC agus a hullmhacht chun feabhas a chur ar an gcomhar faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Slándála agus Cosanta leis an Aontas.

**AN BHOISNIA AGUS AN HEIRSEAGAIVÉIN**

76. Tar éis an chinnidh ón gComhairle Eorpach i mí an Mhárta 2024 **tús a chur le caibidlíocht aontachais** leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, tá an Chomhairle ag súil go ndéanfaidh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin na bearta ábhartha uile a leagadh amach sa Mholadh ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2022 d’fhonn go nglacfaidh an Chomhairle an creat caibidlíochta a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha sin. Ní mór tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun na 14 phríomhthosaíocht a leagtar amach sa Tuairim ón gCoimisiún maidir lena hiarratas ar bhallraíocht san Aontas a chomhlíonadh, mar a d’fhormhuinigh an Chomhairle iad in 2019.

77. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil an **dinimic athchóirithe** ina stad i gcónaí agus tathantaíonn sí ar na gníomhaithe polaitiúla uile fócas na tíre a athnuachan maidir le dul chun cinn a dhéanamh ar chonair an Aontais agus na hathchóirithe is gá a bhaint amach. Mar ábhar tosaíochta, ba cheart don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin an Dlí nua maidir leis an Ardchomhairle Bhreithiúnach agus Ionchúiseach agus an Dlí maidir le Cúirteanna a ghlacadh i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha, agus príomh-idirbheartaí a cheapadh. Ní mór don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin plean náisiúnta a fhorbairt freisin chun an *acquis* a ghlacadh agus comhordaitheoir náisiúnta IPA a cheapadh go práinneach.

78. Tugann an Chomhairle dá haire nach ndearnadh aon dul chun cinn maidir leis **na breithiúna ná leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe**, agus cuireann sí i dtreis nach mór cinntí na Cúirte Bunreachtúla a urramú, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go hiomlán. Tugann an Chomhairle dá haire freisin go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta sa **chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe**, agus is díol sásaimh di gur daingníodh comhaontú comhair Eurojust agus gur glacadh an Dlí maidir le cosaint sonraí pearsanta. Tá gá fós le cuntas teiste a bhunú maidir le himscrúduithe agus ciontuithe agus le neartú leanúnach a dhéanamh ar acmhainneachtaí institiúideacha, pleanála agus comhordúcháin na tíre sa chomhrac i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe.

79. Is díol sásaimh don Chomhairle gur glacadh an Dlí maidir le rialú teorann agus imscaradh oibríochtúil fhoireann Frontex tar éis Comhaontú Stádais Frontex a shíniú agus a chur chun feidhme go sealadach, agus iarrann sí ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin ailíniú go pras le **beartas víosaí** an Aontais.

80. Tugann an Chomhairle dá haire na hiarrachtaí teoranta atá á ndéanamh i réimse **na gceart bunúsach** agus iarrann sí ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin an tsaoirse comhthionóil, comhlachais agus cainte a urramú go hiomlán, agus staonadh ó aon ghníomhaíochtaí a mbeadh drochthionchar acu ar a bhfeidhmiú siúd. Ní mór sláine toghcháin a fheabhsú roimh olltoghcháin 2026, i gcomhréir le moltaí ó chomhlachtaí idirnáisiúnta.

81. Maidir leis na **sásraí institiúideacha**, a leagadh amach le Comhaontú Síochána Dayton, ní mór don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin tuilleadh athchóirithe bunreachtúla agus toghchánacha a dhéanamh chun comhionannas agus neamh-idirdhealú gach saoránaigh a áirithiú, go háirithe trí chásdlí *Sejdić-Finci* agus cásdlí gaolmhar na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a chur chun feidhme. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a hiarraidh go mbeadh próiseas cuimsitheach ann maidir le hathchóirithe teoranta bunreachtúla agus toghchánacha, trí fhíor-idirphlé agus i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha chun deireadh a chur le gach cineál neamhionannais agus idirdhealaithe sa phróiseas toghchánach, go háirithe i bhfianaise thoghcháin 2026. Meabhraítear don Chomhairle chomh maith gur ann do roinnt cinntí ón gcúirt bhunreachtúil nár forfheidhmíodh go hiomlán go fóill. Níor cheart aon bheart a dhéanamh a chuirfeadh lena dhúshlánaí a bheadh cur chun feidhme na rialuithe sin nó a mhéadódh na heasaontais atá ann cheana.

82. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a **tiomantas aonchiallach** do dhearcadh an Aontais gur tír aonair aontaithe cheannasach í an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin. Tathantaíonn an Chomhairle ar na gníomhaithe polaitiúla uile sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin reitric agus gníomhaíochtaí scoilteacha gríosaitheacha a thréigean agus staonadh uathu, lena n-áirítear ceannasacht, aontacht agus iomláine chríochach na tíre a cheistiú, prionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe a urramú i gcás na saoránach uile a bhaineann le pobail na tíre agus le pobail eile, agus éirí as laochra a dhéanamh de choirpigh cogaidh chiontaithe, chomh maith leis an iontaoibh an t-athmhuintearas a chur chun cinn ar bhealach gníomhach.

83. Tugann an Chomhairle dá haire na forbairtí is déanaí i dTionól Náisiúnta Republika Srpska a chuireann le díghéarú na staide polaitiúla. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé go léireodh na húdaráis san eintiteas Republika Srpska toil shoiléir pholaitiúil imeacht ó na tionscnaimh agus ón reachtaíocht atá fós ann agus atá ag teacht salach ar an ord bunreachtúil agus ar chonair na tíre i dtreo an Aontais, agus atá fós ina n-ábhar imní.

84. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, molann an Chomhairle don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin a hiarrachtaí geilleagair mhargaidh fheidhmiúil a bhunú agus a hacmhainneacht chun déileáil le brú iomaíochta agus fórsaí an mhargaidh san Aontas a neartú agus na hathchóirithe struchtúracha is gá a chur chun feidhme.

85. Leanann an Comhairle de bheith tiomanta do thuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin a lánpháirtiú de réir a chéile i margadh inmheánach an Aontais, ar bhonn, *inter alia*, chur chun feidhme feabhsaithe an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais. Is díol sásaimh don Chomhairle cur chun feidhme leanúnach an **Phlean Fáis** do na Balcáin Thiar sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, atá ar an mbóthar ceart chun tairbhí nithiúla a chur ar fáil do na saoránaigh. Is díol sásaimh don Chomhairle gur glacadh le déanaí an **Clár Oibre don Athchóiriú** is gá le haghaidh eisíocaíochtaí ón tSaoráid Athchóirithe agus Fáis agus iarrann sí ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin na Comhaontuithe Iasachta agus Saoráide a dhaingniú, Comhordaitheoir na Saoráide Athchóirithe agus Fáis a cheapadh agus tús a chur leis na hathchóirithe a chur chun feidhme gan a thuilleadh moille.

86. Is díol sásaimh don Chomhairle go ndearnadh athnuachan ar shainordú **EUFOR Althea**, a bhfuil ról lárnach aige i gcónaí maidir le tacaíocht a thabhairt do na húdaráis sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin chun timpeallacht atá slán sábháilte a chothabháil do na saoránaigh uile.

87. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go leanfar den chomhar i measc gníomhaithe idirnáisiúnta agus cuireann sí in iúl go dtacaíonn sí le misean an **Ardionadaí** agus a hoifige Clár Oibre 5+2 a chomhlíonadh.

88. Molann an Chomhairle don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin páirt ghníomhach bhreise a ghlacadh sa chomhar réigiúnach agus sa **dea-chaidreamh comharsanachta**, agus iarrann sí an athuair ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin na **comhaontuithe soghluaisteachta** réigiúnacha uile faoi Phróiseas Bheirlín a dhaingniú go pras.

89. Molann an Chomhairle ailíniú iomlán na Boisnia agus an Heirseagaivéin le **CBES an Aontais** lena léirítear a tiomantas soiléir do chonair an Aontais agus molann sí di an t- ailíniú sin a choinneáil sa siúl agus bearta sriantacha a chur chun feidhme go hiomlán, lena n-áirítear maidir leis an Rúis agus leis an mBealarúis.

**AN CHOSAIV**

90. Is díol sásaimh don Chomhairle **tiomantas** leanúnach na Cosaive dá conair Eorpach agus d'athchóirithe gaolmhara, a leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt dóibh.

91. Tugann an Chomhairle dá haire an **dul chun cinn teoranta** foriomlán maidir le hathchóirithe sa tréimhse tuairiscithe agus iarrann sí ar an gCosaiv comhar traspháirtí a chruthú agus dlús a chur leis na hathchóirithe. Tá gá le hiarrachtaí go háirithe chun athchóiriú an riaracháin phoiblí agus an smacht reachta a neartú, lena n-áirítear comhdhlúthú an chórais bhreithiúnaigh, an comhrac i gcoinne an éillithe, agus cosaint na gceart bunúsach, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, nach ndearnadh aon dul chun cinn ina leith. Tugann an Chomhairle **dá haire go bhfuil roinnt dul chun cinn** déanta sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe.

92. Is díol sásaimh don Chomhairle go raibh **toghcháin pharlaiminteacha** mhí Feabhra 2025 iomaíoch agus gur reáchtáladh iad faoi chreat dlíthiúil nua ach tugann sí dá haire freisin na dúshláin shuntasacha agus molann sí don Chosaiv leanúint dá creat toghcháin a chomhdhlúthú i gcomhréir leis na moltaí ó Mhisean Breathnóireachta AE um Thoghcháin 2025.

93. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis imní di an tsáinn pholaitiúil fhadtréimhseach tar éis na dtoghchán parlaiminteach agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá próiseas toghcháin dea-riartha cuimsitheach i bhfianaise na n-olltoghchán luath an 28 Nollaig 2025, agus is oth léi na hiarrachtaí a rinneadh chun obair an Choimisiúin Lárnaigh Toghchán a pholaitiú.

94. Is díol sásaimh don Chomhairle gur reáchtáladh **toghcháin áitiúla** 2025 ar bhealach trédhearcach gairmiúil le rannpháirtíocht na bpobal uile.

95. Aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta maidir le bainistiú imirce agus iarrann sí ar an gCosaiv ailíniú go pras le beartas víosaí an Aontais.

96. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta ag an gCosaiv chun geilleagar margaidh feidhmiúil a fhorbairt agus a mhéid a bhaineann le cumas na tíre déileáil le brú iomaíochta agus fórsaí margaidh san Aontas agus molann sí don Chosaiv na hathchóirithe struchtúracha riachtanacha a chur chun feidhme.

97. Leanann an Comhairle de bheith tiomanta do thuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gCosaiv a lánpháirtiú de réir a chéile i margadh inmheánach an Aontais, ar bhonn, *inter alia*, chur chun feidhme feabhsaithe an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais. Is díol sásaimh don Chomhairle cur chun feidhme leanúnach an **Phlean Fáis** do na Balcáin Thiar sa Chosaiv, atá ar an mbóthar ceart chun tairbhí nithiúla a chur ar fáil do na saoránaigh. Mar réamhchoinníoll chun tús a chur le heisíocaíochtaí a fháil ón tSaoráid Athchóirithe agus Fáis, ní mór don Chosaiv na Comhaontuithe Iasachta agus Saoráide a dhaingniú gan a thuilleadh moille.

98. Molann an Chomhairle don Chosaiv leanúint den chomhar le **EULEX** agus le gníomhaithe idirnáisiúnta ábhartha eile agus tacú go neamhchoinníollach leis an obair atá á déanamh ag **Sain-Dlísheomraí na Cosaive agus ag Oifig Shain-Ionchúisitheoir na Cosaive.**

99. Tá cur chuige cuiditheach maidir le **comhar réigiúnach**, go háirithe in CEFTA, ríthábhachtach i gcónaí.

100. Molann an Chomhairle an Chosaiv go mór as an gcáineadh a rinne sí i dtaca le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, as a hailíniú deonach leanúnach le **CBES an Aontais** agus as bearta sriantacha an Aontais a chur chun feidhme go leanúnach, ar léiriú láidir é ar rogha straitéiseach na Cosaive agus áit na Cosaive i bpobal atá bunaithe ar luachanna.

101. Agus aird dhearfach á tabhairt aici ar aistriú ordúil an rialachais áitiúil sna ceithre bhardas sa tuaisceart, meabhraítear don Chomhairle a conclúidí ón mbliain seo caite agus tá sí ag tnúth le deireadh a chur leis na bearta atá fágtha.

102. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí go hiomlán leis an Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine, arna éascú ag an Aontas, maidir leis an gcaidreamh eatarthu a normalú, faoi stiúir an Ardionadaí agus le tacaíocht ó Ionadaí Speisialta an Aontais.

103. Braitheann an dul chun cinn ar a gconairí Eorpacha faoi seach ar na hiarrachtaí a rinneadh chun a ngealltanais uile a chur chun feidhme go hiomlán ó Chomhaontú 2023 maidir leis an gConair i dtreo an Normalaithe a ghabhann leis agus ó na comhaontuithe uile a rinneadh roimhe seo gan tuilleadh moilleanna ná réamhchoinníollacha. Tá an baol ann go gcaillfidh an dá pháirtí deiseanna tábhachtacha in éagmais dul chun cinn maidir lena gcaidreamh a normalú. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil dúshláin ag baint leis na comhthéacsanna polaitiúla intíre sa Chosaiv agus sa tSeirbia araon maidir le dul chun cinn a dhéanamh agus is oth léi go bhfuil cur chun feidhme roinnt comhaontuithe Idirphlé ag an dá thaobh gan chríochnú go fóill.

104. Meastar go gcuirfidh an Chosaiv na comhaontuithe uile ar thángthas orthu san Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine chun feidhme ina n-iomláine, lena n-áirítear Comhlachas/Comhphobal na mBardas sin inarb iad na Seirbiaigh an Móramh a bhunú, agus go dtosóidh sí ar a gealltanais ó Chomhaontú 2023 a chomhlíonadh trí thús a chur leis an bpróiseas as a dtiocfaidh socruithe agus ráthaíochtaí sonracha 'le haghaidh leibhéal iomchuí féinbhainistíochta do phobal na Seirbia sa Chosaiv' (aistriúchán neamhoifigiúil) i gcomhréir le hAirteagal 7.

105. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuiltear ag súil leis go réiteofar stádas na struchtúr agus na seirbhísí a fhaigheann tacaíocht ón tSeirbia sa Chosaiv, go háirithe cúram sláinte agus oideachas, ar bhealach comhordaithe, trédhearcach agus cuimsitheach i gcomhréir le comhaontuithe Idirphlé agus le dlí na Cosaive. Tugann an Chomhairle dá haire, agus imní dá réir uirthi, roinnt gníomhaíochtaí neamh-chomhordaithe de chuid na Cosaive, lena n-áirítear iad siúd atá dírithe ar struchtúir agus seirbhísí a fhaigheann tacaíocht ón tSeirbia agus atá ag feidhmiú sa Chosaiv, ar gníomhaíochtaí iad a raibh tionchar diúltach acu ar phobal Seirbiach na Cosaive agus ar phobail eile agus ar a rochtain ar sheirbhísí bunúsacha poiblí agus sóisialta.

106. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí ag súil le Seirbiaigh na Cosaive a ath-imeascadh, ag tosú lena rannpháirtíocht chuimsitheach in institiúidí na Cosaive ar gach leibhéal, agus ina dhiaidh sin, na breithiúna incháilithe agus pearsanra póilíneachta incháilithe a ath-imeascadh gan choinníoll, i gcomhréir le comhaontuithe Idirphlé agus lánurraim á tabhairt do chreat dlíthiúil na Cosaive.

107. Meastar go staonfaidh an Chosaiv agus an tSeirbia ó ghníomhaíochtaí gríosaitheacha, go seachnóidh siad reitric scoilteach agus go n-aimseoidh siad réitigh inbhuanaithe chomhordaithe lena ráthófar sábháilteacht, slándáil agus daonlathas rannpháirteach do gach saoránach. Tugann an Chomhairle dá haire céimeanna an díghéaraithe a thug an dá thaobh in 2025.

108. Cáineann an Chomhairle go géar an athuair na gníomhartha foréigin a rinne agóideoirí phobal Seirbiach na Cosaive i gcoinne saoránach, trúpaí KFOR, lucht forfheidhmithe dlí agus na meán i dtuaisceart na Cosaive i mí na Bealtaine 2023, agus an t-ionsaí foréigneach ar phóilíní na Cosaive i mí Mheán Fómhair 2023 agus seasann sí i ndlúthpháirtíocht leis na daoine sin a bhí buailte. Níl aon údar maith le foréigean. Cuireann sé i bhfios go láidir go bhfuil gá le cuntasacht iomlán.

109. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil an tArdionadaí réidh le cruinniú ardleibhéil den Idirphlé a thionól a luaithe a bheidh na dálaí fabhrach dó sin agus tá sí ag súil go dtapóidh an dá pháirtí an deis chun torthaí nithiúla a bhaint amach i dtreo comhaontú cuimsitheach a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí maidir leis an gcaidreamh a normalú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le *acquis* an Aontais.

110. Meabhraítear don Chomhairle gur gá clár oibre Ghrúpa Speisialta na Cosaive um Normalú a leasú chun oibleagáidí na Cosaive a léiriú, oibleagáidí dá dtagraítear i gComhaontú 2023.

**AN TUIRC**

111. Is tír is iarrthóir agus comhpháirtí tábhachtach in an-chuid réimsí comhleasa í an Tuirc i gcónaí. Athdhearbhaíonn an Chomhairle na conclúidí deiridh a d'eisigh sí agus tugann sí dá haire go bhfuil deireadh tagtha nach mór le caibidlíocht aontachais na Tuirce agus nach féidir aon chaibidlí eile a mheas lena n-oscailt ná lena ndúnadh. I gcomhréir leis na conclúidí uile ón gComhairle agus ón gComhairle Eorpach a eisíodh roimhe seo maidir le caidreamh na Tuirce leis an Aontas Eorpach, athdhearbhaíonn an Chomhairle leas straitéiseach an Aontais timpeallacht chobhsaí shlán a bheith sa Mheánmhuir Thoir agus caidreamh comhoibritheach comhthairbheach a fhorbairt leis an Tuirc.

112. Meabhraítear don Aontas go bhfuil sé **faoi réir le leanúint de bheith ag dul i gcomhar leis an Tuirc** i réimsí leasa choitinn ar bhealach céimnithe, comhréireach agus in-aisiompaithe, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí Aibreáin 2024, agus faoi réir coinníollachtaí seanbhunaithe.

113. Tugann an Chomhairle dá haire go cuí na **céimeanna nithiúla a tugadh sa chomhthéacs sin**, go háirithe Idirphléití Ardleibhéil, ar cinn nua iad nó cinn a cuireadh ar fionraí roimhe sin, a reáchtáil agus obair an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta i dtreo oibríochtaí a atosú, agus béim á leagan ar an earnáil phríobháideach. Tugann an Chomhairle dá haire go cuí freisin go bhfuiltear ag leanúint den idirphlé maidir leis an mbeartas eachtrach agus saincheisteanna réigiúnacha, agus de na hIdirphléití Ardleibhéil earnálacha idir an tAontas agus an Tuirc, mar a leagtar amach i gconclúidí atá eisithe ag an gComhairle Eorpach roimhe seo. Beidh rannpháirtíocht chuiditheach na Tuirce féin ríthábhachtach chun na réimsí éagsúla sa chomhar a chur chun cinn. I ndáil leis an méid sin, measann an Chomhairle go bhfuil sé fíorthábhachtach go n-atosófar na cainteanna maidir le réiteach a bhaint amach sa Chipir agus go ndéanfar dul chun cinn sna cainteanna sin agus go ndéanfar an comhar idir an tAontas agus an Chipir a neartú a thuilleadh.

114. Is cúis mhór imní don Chomhairle an cúlú atá ag tarlú agus cúrsaí a bheith **ag dul in olcas** i réimsí an **daonlathais, an smachta reachta agus na gceart bunúsach**. Mar gheall ar an easpa shistéamach neamhspleáchais agus brú míchuí ar na breithiúna, chomh maith leis na srianta ar an gcur in iúl saor sábháilte, agus gabháil agus ionchúiseamh oifigeach agus pearsana freasúra a toghadh go daonlathach, lena n-áirítear méara Iostanbúl, chomh maith le gníomhaithe polaitiúla, ionadaithe na sochaí sibhialta agus gnó, iriseoirí, agus daoine eile, tá amhras níos mó ann maidir leis an Tuirc a bheith tiomanta cloí le luachanna daonlathacha, agus tá ábhair imní níos doimhne ann maidir le neamhspleáchas bhreithiúna na tíre. Is cúis mhór imní freisin é an brú méadaitheach atá ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta, go háirithe iad siúd a bhíonn ag déileáil le mná, le daoine LADTI, le cosaint an chomhshaoil agus le cearta an duine. Iarrann an Chomhairle ar an Tuirc na treochtaí diúltacha a chur ina gceart agus aghaidh a thabhairt, ar bhealach inchreidte, ar na heasnaimh sin agus ar gach easnamh tromchúiseach eile a sainaithníodh sa tuarascáil ón gCoimisiún.

115. Is cúis mhór imní don Chomhairle freisin an easpa dul chun cinn atá á dhéanamh fós ag an Tuirc maidir leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (CECD) agus breithiúnais ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine a chur chun feidhme. Iarrann an Chomhairle an athuair ar na húdaráis dlús a chur lena comhar le Comhairle na hEorpa, aghaidh a thabhairt ar na príomh-mholtaí a rinne a cuid comhlachtaí, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) agus ionstraimí idirnáisiúnta eile chearta an duine a bhfuil an Tuirc ina páirtí iontu a chur chun feidhme ina n- iomláine, agus breithiúnais uile na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a fhorghníomhú i gcomhréir le hAirteagal 46 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

116. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá feabhsuithe leanúnacha marthanacha ar an **gcaidreamh idir an Tuirc agus an Ghréig**. Meabhraítear don Chomhairle gur gá leanúint den díghéarú sa Mheánmhuir Thoir.

117. Leanann an Chomhairle de bheith ag súil go dtabharfaidh an Tuirc gealltanas go huile is go hiomlán i ndáil leis an **dea-chaidreamh comharsanachta** agus réiteach síochánta díospóidí, agus í ag dul ar iontaoibh na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta más gá. Mar a luadh i gconclúidí uile na Comhairle a bhaineann le hábhar, agus i nDearbhú an 21 Meán Fómhair 2005, athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór don Tuirc a hoibleagáidí faoin gCreat Caibidlíochta a chomhlíonadh, lena n-áirítear cur chun feidhme iomlán neamh-idirdhealaitheach an Phrótacail Bhreise a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais i leith gach uile Ballstáit. Is den bunriachtanas é aitheantas na mBallstát uile a urramú. Ní mór don Tuirc a caidreamh le Poblacht na Cipire a normalú agus ceannasacht agus iomláine chríochach Bhallstáit uile an Aontais a urramú, chomh maith lena gcearta ceannasacha uile, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige.

118. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas lántiomanta **réiteach cuimsitheach ar fhadhb na Cipire** a bhaint amach, faoi chreat comhaontaithe na Náisiún Aontaithe, i gcomhréir leis na rúin ábhartha uile ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus i gcomhréir leis na prionsabail ar a bhfuil an tAontas fothaithe agus leis an *acquis*. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí go mbeidh an Tuirc tiomanta réiteach síochánta den chineál sin a bhaint amach agus go rannchuidíonn sí go gníomhach leis, lena n-áirítear na gnéithe seachtracha a bhaineann leis. Is díol sásaimh don Chomhairle na bearta a rinne Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe chun tús a chur an athuair le cainteanna cuimsitheacha maidir le réiteach, lena n-áirítear gur cheap sé Toscaire Pearsanta maidir leis an gCipir. Tá an tAontas faoi réir le ról gníomhach a ghlacadh chun tacú le gach céim den phróiseas seo faoi stiúir na Náisiún Aontaithe, agus leas á bhaint aige as na modhanna iomchuí uile atá ar fáil dó. Sa chomhthéacs sin, tá an Chomhairle ag tnúth le dlúthchomhar le Toscaire Speisialta an Choimisiúin don Chipir. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá stádas Varosha, cáineann sí gníomhaíochtaí aontaobhacha uile na Tuirce atá ag teacht salach ar na rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus iarrann sí an athuair go gcuirfí ar neamhní láithreach iad. Iarrann an Chomhairle ar an Tuirc cloí le gach rún ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, go háirithe Rúin 541, 550, 789 agus 1251.

119. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, tugann an Chomhairle dá haire go ndearnadh roinnt dul chun cinn agus molann sí don Tuirc leanúint de bheartais mhaicreacnamaíocha atá dírithe ar chobhsaíocht a chur chun feidhme agus leanúint d'aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le feidhmiú cuí gheilleagar margaidh na Tuirce, lena n-áirítear an timpeallacht institiúideach agus rialála.

120. Molann an Chomhairle an Tuirc as na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh aici chun ceann de na pobail dídeanaithe is mó ar domhan a óstáil. Tá an **Ráiteas ón Aontas agus ón Tuirc** fós ar an gcreat is tábhachtaí don chomhar maidir leis an imirce agus tá ag éirí go maith leis i gcónaí. Lean an Tuirc agus an tAontas de bheith ag comhoibriú chun tacú le dídeanaithe agus le pobail óstacha sa Tuirc. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé an ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc a chur chun feidhme go hiomlán agus go neamh-idirdhealaitheach, lena n-áirítear i leith Phoblacht na Cipire, chun tús a chur arís le fillteacha agus chun cosc a chur ar an inimirce neamhrialta gan a thuilleadh moille. Sa chomhthéacs sin, leagann an Chomhairle béim freisin a ar riachtanaí atá sé go gcuirfeadh an Tuirc an Comhaontú um Athligean Isteach idir an tAontas agus an Tuirc chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach agus go gcomhoibreodh sí i réimse an cheartais agus gnóthaí baile le Ballstáit uile an Aontais, chomh maith le hailíniú le beartas víosaí an Aontais.

121. Meabhraítear don Chomhairle gur gá don Tuirc a hoibleagáidí a chomhlíonadh maidir leis an **Aontas Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc** a chur chun feidhme, a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach é maidir leis na Ballstáit uile agus beartas custaim na tíre a athailíniú go hiomlán le Comhtharaif Chustaim an Aontais, le Scéim an Aontais i leith Fabhair Ghinearálaithe Tharaife agus le córas an Aontais chun rialú a dhéanamh ar onnmhairí dé-úsáide chomh maith le reachtaíocht an Aontais maidir le hInfheistíochtaí Díreacha Coigríche. Cé go n-aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh maidir le bacainní trádála a réiteach agus deireadh a chur le roinnt srianta, tá sí ag súil go leanfaidh an Tuirc den obair, agus go gcuirfidh sí dlús léi, chun deireadh a chur leis na bacainní trádála atá fós ann.

122. Aithníonn an Chomhairle na bearta sonracha a rinne an Tuirc chun deireadh a chur leis an teacht timpeall ar **smachtbhannaí an Aontais i gcoinne na Rúise** trína críoch, ar bearta iad nach mór a chur chun feidhme agus a chomhlánú le hiarrachtaí breise i gcás inarb iomchuí, go háirithe maidir le hítimí ardteicneolaíochta a úsáideann an Rúis chun críoch míleata agus maidir le 'Scáthchabhlach' na Rúise. Tá comhar gníomhach neartaithe leis an Aontas ríthábhachtach i gcónaí chun an teacht timpeall ar smachtbhannaí an Aontais a chosc agus a bhrath.

123. Is oth go mór leis an gComhairle go bhfuil ráta ailínithe na Tuirce le **CBES an Aontais** fós an-íseal agus nach bhfuil an tír ailínithe le **bearta sriantacha an Aontais** a glacadh mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, agus iarrann sí an athuair ar an Tuirc dlús a chur lena hailíniú le seasaimh agus bearta sriantacha CBES an Aontais agus go ndéanfar sin mar ábhar céadtosaíochta. Ní mór d'údaráis na Tuirce aghaidh a thabhairt air sin, lena n-áirítear faoi chuimsiú an idirphlé idir an tAontas agus an Tuirc maidir leis an mbeartas eachtrach agus saincheisteanna réigiúnacha. Tugann an Chomhairle dá haire gur léirigh an Tuirc cur chuige cuiditheach maidir le roinnt saincheisteanna réigiúnacha agus geopholaitiúla. Aithníonn an Chomhairle an ról tábhachtach atá ag an Tuirc maidir le héascú leanúnach na gcainteanna idir an Úcráin agus an Rúis in Iostanbúl, agus tacaíocht fhoriomlán na Tuirce don Úcráin agus a rannchuidiú léi, ar gá iad a choinneáil ar bun agus a leathnú.

**AN tSEOIRSIA**

124. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn an tAontas le mianta fhormhór mór mhuintir na Seoirsia maidir le todhchaí Eorpach.

125. Ní leor na gníomhaíochtaí a rinne údaráis na Seoirsia ó thaobh ionchais an Aontais maidir le tír is iarrthóir. Tugann an Chomhairle dá haire an cúlú tromchúiseach ginearálta sa daonlathas, i gcearta an duine agus sa smacht reachta, lena n-áirítear reachtaíocht smachtúil a ghlacadh lena mbaintear an bonn de chearta agus saoirsí bunúsacha, ionstraimiú polaitiúil na mbreithiúna, géarleanúint ar cheannairí an fhreasúra, gabháil threallach agóideoirí agus iriseoirí agus laghdú ar an spás sibhialta.

126. Cáineann an Chomhairle an bhréagaisnéis agus insintí frith-Aontais a scaipeann údaráis na Seoirsia agus iarrann sí go gcuirfí deireadh leo.

127. Tugann an Chomhairle dá haire agus is oth léi go bhfuil an tSeoirsia ag titim siar sna naoi gcéim ar ar bronnadh an stádas mar thír is iarrthóir. Dá bhrí sin, tá deireadh tagtha go héifeachtach le próiseas aontachais na Seoirsia leis an Aontas go dtí go léireoidh na húdaráis tiomantas daingean chun cúrsaí a réiteach agus chun filleadh ar chonair aontachais an Aontais.

128. Iarrann an Chomhairle ar údaráis na Seoirsia gach polaiteoir, iriseoir agus gníomhaí a choinnítear go treallach a shaoradh, reachtaíocht smachtúil a aisghairm, athchóirithe daonlathacha, cuimsitheacha agus inbhuanaithe a ghlacadh, i gcomhréir le croíphrionsabail lánpháirtiú na hEorpa, agus deireadh a chur lena hinsint ionsaitheach i gcoinne an Aontais, Ambasadóirí an Aontais agus an Chinn Toscaireachta mar na chéad chéimeanna chun filleadh ar chonair an Aontais an athuair.

129. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn an tAontas le ceannasacht, neamhspleáchas agus iomláine chríochach na Seoirsia laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad, agus leagann sí béim ar a thiomanta atá an tAontas i gcónaí coinbhleachtaí a réiteach ar bhealach síochánta agus a thiomanta atá sé a bheartas maidir le neamhaitheantas agus rannpháirtíocht a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear trí Mhisean Faireacháin an Aontais a bheith sa tSeoirsia.

130. Is oth leis an gComhairle neamhchomhlíonadh leanúnach na Seoirsia le moltaí an seachtú tuarascáil maidir leis an sásra fionraíochta víosaí agus iarrann sí ar údaráis na Seoirsia iad a chomhlíonadh agus na tagarmharcanna léirscaoilte víosaí a chomhlíonadh gan mhoill.

131. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí ag súil go mór go gcuirfidh an tSeoirsia dlús lena hiarrachtaí i dtreo ailíniú iomlán CBES, go háirithe trí ailíniú le bearta sriantacha an Aontais i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise a rinneadh i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, agus sin mar ábhar tosaíochta. Iarrann an Chomhairle freisin ar údaráis na Seoirsia staonadh ó ghníomhaíochtaí agus ó ráitis nach dtagann le seasaimh an Aontais maidir leis an mbeartas eachtrach. Molann an Chomhairle don tSeoirsia leanúint den chomhar maidir le cosc a chur ar an teacht timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais.